

SCÉIM AITHEANTAIS MAR SCOIL GHAELTACHTA

Critéir theanga-bhunaithe d'aitheantas mar bhunscoil Ghaeltachta



1	Clár lántumtha ¹ dhá bhliain trí Ghaeilge a chur i bhfeidhm i ranganna na naíonán, tráth nach múinfead Béarla ar bith lena linn
2	Cur chuige lántumtha a chur i bhfeidhm ina múinfead gach réimse foghlama, seachas an Béarla, trí Ghaeilge
3	Eispéiris oideachais ardchaighdeán trí Ghaeilge a sholáthar do na daltaí uile agus aird ar leith a dhíriú ar riachtanais teanga idirdhealaithe na gcainteoirí dúchais Gaeilge ² chomh maith le foghlaimeoirí Gaeilge
4	Plean gníomhaíochta feabhsúcháin scoile uile a fhorbairt: <ul style="list-style-type: none">• a léireoidh an chaoi ina gcinnteoidh an scoil úsáid na Gaeilge mar theanga na cumarsáide, an teagaisc agus an tsóisialaithe laistigh den scoil agus• a dhéanfaidh na buntáistí a bhaineann le foghlaim na Gaeilge agus foghlaim trí Ghaeilge a chur in iúl agus a chur chun cinn i measc phobal na scoile (príomhoide, foireann, daltaí, tuismitheoirí agus bord bainistíochta)
5	Athbhreithniú ar cháilíocht an tsoláthair oideachais trí Ghaeilge chun feabhsúchán leanúnach a chinntiú tríd an bpróiseas féinmheastóireachta scoile (FMS)
6	Eispéiris foghlama Ghaeilge a sholáthar a thagann leis na torthaí foghlama T1 ³ i gCuraclam Teanga na Bunscoile do scoileanna Gaeltachta agus scoileanna a fheidhmíonn trí Ghaeilge
7	Acmhainní Gaeilge ⁴ a úsáid chun tacú le teagasc na réimsí curaclaim uile trí Ghaeilge sna ranganna uile, seachas curaclam an Bhéarla
8	Gníomhaíochtaí curaclaim, gníomhaíochtaí comhchuraclaim agus gníomhaíochtaí seach-churaclaim (más ann dóibh) a sholáthar trí Ghaeilge
9	Tacú lena bpobal scoile sa phróiseas pleanála teanga (faoi Acht na Gaeltachta, 2012) trí chuidiú le húsáid agus cothú na Gaeilge sa scoil agus sa phobal áitiúil Gaeltachta
10	Tús áite d'úsáid na Gaeilge sa chumarsáid le tuismitheoirí, leis an bpobal áitiúil agus le páirtithe eile
11	Naisc theanga agus chultúrtha atá úsáideach agus chun tairbhe an dá thaobh a bhunú leis na suíomhanna luathoideachais áitiúla a fheidhmíonn trí Ghaeilge (<i>naíonraí</i>)
12	Naisc theanga agus oideachais atá úsáideach agus chun tairbhe an dá thaobh a bhunú le hiar-bhunscoileanna áitiúla a fheidhmíonn trí Ghaeilge agus bunscoileanna eile a fheidhmíonn trí Ghaeilge
13	Gach iarracht foireann teagaisc agus foireann choimhdeach a earcú atá líofa sa Ghaeilge, agus a bhfuil eolas agus tuiscint acu ar an gcleachtas oideolaíoch a bhaineann le teagasc trí Ghaeilge chomh maith le tuiscint ar dhinimic teanga agus cultúrtha na Gaeltachta.

¹ Ciallaíonn clár lántumtha go bhfeidhmíonn an timpeallacht oideachais trí Ghaeilge i ranganna na naíonán agus go dtosófar ar mhúineadh an Bhéarla ó Rang a 1. Cuidíonn sé seo le forbairt níos iomláine ar inniúlachtaí teanga na leanaí sa Ghaeilge i ranganna na naíonán.

² Sainmhínear cainteoir dúchais Gaeilge mar leanbh a thógtar trí Ghaeilge i bpobal Gaeilge ina labhraíonn a t(h)uismitheoirí Gaeilge mar phríomhtheanga chumarsáide sa bhaile, agus go ndeirtear amhlaidh nuair a chláraítear ar scoil é/i. (Polasáí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022, lch 11)

³ Tagraíonn T1 don Ghaeilge mar phríomhtheanga na scoile i dtaca le teagasc agus foghlaim, agus cumarsáid i ngnóthaí oifigiúla, riaracháin, siamsaíochta agus caitheamh aimsire.

⁴ Cuirtear suíomh gréasáin COGG, www.cogg.ie, acmhainní éagsúla ar fáil chun tacú leis an teagasc trí Ghaeilge i mbunscoileanna agus iar-bhunscoileanna i limistéir pleanála teanga Ghaeltachta.